Rinneadh iniúchadh ar an **“gCiste REACH”** i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2024 agus tionóladh cruinniú deiridh an AII-BOO ar an 24 Meán Fómhair 2024. Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin fós ag fanacht leis an tuairiscíú críochnaithe ó na AII - BOONna.

Fuarthas an tuarascáil seo a leanas ar an iniúchadh inmheánach in 2025 maidir le hiniúchadh a rinneadh in 2023: Rinneadh iniúchadh ar **“Scéim Aoisliúntais Earnáil Oideachais BOO 2025”** ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023 agus fuarthas an tuarascáil chríochnaitheach ó AII-BOONna i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ar an 25 Samhain 2024. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas Cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 7 mholadh – ní raibh ceann ar bith ar an ardleibhéal, bhí ceann amháin ar an meánleibhéal agus bhí 6 cinn díobh ar an íseal-leibhéal. Cuireadh 2 cheann i bhfeidhm agus tá an 5 cinn eile ar siúl nó le bheith ar siúl in 2025 agus tá siad á n-athbhreithniú go leanúnach.

Iniúchtaí earnála

Ar an 5 Márta 2024, rinne an CIR athbhreithniú ar thuarascáil Earnála AII-BOO maidir le **“Iniúchtaí Leantacha TFC agus Athbhreithnithe Caighdeánacha Cibearshlándála na hEarnála Poiblí”**. Nuair a rinneadh athbhreithniú ar na moltaí sa tuarascáil Earnála seo, bhí an CIR den tuairim go raibh gá le comhlíonadh na gceanglas éigeantach atá sna Caighdeáin Bhunlíne Cibearshlándála. Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ag dul ar aghaidh trí chéim a haon de chur chuige dhá chéim leis na AII-BOONna a gcuirtear tacaíocht agus cúnaimh comhairleachta ar fáil dóibh chun pleanáil a dhéanamh do chórais bhainistíochta agus iad a chur i bhfeidhm chun freastal ar na hionchais iniúchta atá bunaithe ar na Caighdeáin Bhunlíne Cibearshlándála.

An 3 Deireadh Fómhair 2024, rinne an CIR athbhreithniú ar thuarascáil Earnála AII-BOO ar **“Athbhreithniú ar Mholtaí Iniúchta Inmheánaigh Roimhe Seo”**. Cuireadh in iúl don CIR go bhfuair BOO an Chabháin agus Mhuineacháin tuairim Chuimsitheach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar 5 réimse as 11 réimse san iomlán a ndearna AII-BOO athbhreithniú orthu. Tá gach moladh curtha i bhfeidhm ach amháin dhá shaincheist earnála atá le réiteach ar an leibhéal náisiúnta.

Ar an 25 Samhain 2024, rinne an CIR athbhreithniú ar thuarascáil Earnála AII-BOO maidir le **“Rollú”**. I Ráithe 1 2025, tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ag dul i mbun grúpa oibre tras - stiúrtóireachta le BOOÉ agus AII-BOO chun dea-chleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a chomhthiomsú chun moltaí laistigh den tuarascáil earnála maidir le Rollú a chur chun cinn.

Sárúithe ar Sholáthar faoin gcóras rialaithe inmheánaigh

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin chun comhlíonadh le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon BOO an Chabháin agus Mhuineacháin na nósanna imeachta seo.

Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin tar éis Plean Corparáideach Soláthair le haghaidh 2024 a fhorbairt, ina leagtar amach riachtanais soláthair BOO an Chabháin agus Mhuineacháin. Leanfaidh BOO an Chabháin agus Mhuineacháin de mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí caiteachais go léir chun deiseanna a shainnithint ina dtabharfaidh tairiscintí agus na Creata Náisiúnta reatha um earraí agus seirbhísí an luach is fearr ar airgead, i gcomhréir le riachtanais um chomhlíonadh.

Calaois

Níor tuairiscíodh aon teagmhas faoi Bheartas Frithchalaoise agus Frithéillithe BOO an Chabháin agus Mhuineacháin in 2024. Tugadh teagmhas amháin ar aghaidh ó 2022. Tuairiscíodh an teagmhas seo faoi bheartas eile BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, rinneadh imscrúdú air agus tuairiscíodh é, de réir mar ba ghá, don Roinn Oideachais agus don Gharda Síochána in 2022. Déantar tagairt don eachtra seo chomh maith sa chuid den tuarascáil seo dar teideal Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe thíos.

Nochtuithe cosanta

Ní bhfuair BOO an Chabháin agus Mhuineacháin aon nochtuithe cosanta in 2024 faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú).

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Bainistiú Riosca

Tá clár struchtúrtha um Bainistíocht Riosca curtha i bhfeidhm ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí, ina leagtar amach na príomhrioscaí agus na bearta maolaithe gaolmhara, i ngach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2024 agus déanann an Coiste monatóireacht i gcónaí ar an bhforbairt ar Phlean Straitéiseach Bainistíochta Riosca BOO an Chabháin agus Mhuineacháin.

Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á ndéanamh orthu ar leibhéal Earnála

Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)

Le Ciorclán 11/2014 cuirtear de dhualgas ar BOOna ráitis agus ríomhanna sochair a chur ar fáil do bhaill de Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin tar éis a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le ráitis bhliantúla ar phinsin a sholáthar do gach ball de Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) in 2024. Eisíodh Ráitis Sochair Pinsin do 1203 ball ar an 11 Márta 2024 (don tréimhse charnach ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2022) agus do 804 ball ar an 19 Iúil 2024 (don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023) in BOO an Chabháin agus Mhuineacháin a d'íoc ranníocaíochtaí Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) agus a thuill méideanna in-tarchurtha Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) le linn na tréimhse 2013 go 2023.

Clár Feabhsúcháin Pinsin-SGCO:

Tá foireann áirithe curtha i bhfeidhm in SGCO (Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais) atá ag obair go hiomlán ar chúrsaí a bhaineann le Pinsin agus Ranníocaíochtaí Pinsean a réiteach. Tá Foireann an Chláir Feabhsúcháin Pinsean ag cabhrú le roinnt tionscadal, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- ▶ **Forbairt agus Tástáil PeopleXD** chun aghaidh a thabhairt ar ríomh mícheart ranníocaíochtaí pinsin, méideanna inghairthe, seirbhís pháirtaimseartha a áireamh i modúl pinsin mar aon le nuashonruithe riachtanacha eile ar an Modúl Pinsin;
- ▶ Grúpa oibre do **Phinsinéirí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC)** chun cumarsáid fheabhsaithe idir ONSC agus BOO a éascú maidir le pinsinéirí BOO, agus is é glanadh sonraí Pinsinéirí BOO agus cur i bhfeidhm na Méaduithe Pinsin an tosaíocht reatha;
- ▶ **Tionscadal Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)** chun aghaidh a thabhairt ar leigheas na ranníocaíochtaí pinsin, ríomh na méideanna inghairthe; ullmhú na n-athfhillteacha ar an mbanc sonraí agus eisíúint na Ráitis Sochair Pinsin;
- ▶ **Stair Seirbhíse Páirtaimseartha & Luach Saothair Inphinsin** do bhaill na scéime oidhreachta

Bunaíodh Grúpa Úsáideoirí Pinsean SGCO/BOO agus tagann siad le chéile gach mí chun saincheisteanna pinsin a phlé agus chun soiléirithe agus tacaíocht a sholáthar maidir le húsáid an mhodúil Pinsean CoreHR go háirithe. Tá roinnt réimsí aitheanta ag foirne Pinsin agus Oibríochtaí SGCO ar PeopleXD sna scéimeanna pinsin lena nglanadh agus tá siad ag obair tríothu agus ag seoladh míreanna chuig BOOanna lena n-athbhreithniú agus lena nuashonrú. Nuair a bheidh sé seo críochnaithe, cruthófar sraith iomlán tuarascálacha chun seiceálacha rialaithe cáilíochta a dhéanamh go rialta ar na sonraí.

Fad is atá an córas PeopleXD á fhorbairt, bhunaigh SGCO Mol Sonraí um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) chun sonraí ó chórais phárolla roimhe seo a chomhthiomsú go córas láraithe amháin. Úsáidtear na sonraí seo ansin chun ráitis agus comhaid sochair agus fágálaithe Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) a tháirgeadh do Bhanc Sonraí Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair). Tá tionscadal úis curtha i gcrích ag 13 BOO in 2024 agus táthar ag súil go mbeidh na 3 BOO eile curtha i gcrích faoi R1 2025 ar a dhéanaí. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ráitis charnacha sochair/fágálaithe eisithe ag gach BOO ó 2013 go 2023 agus go mbeidh comhaid bhainc sonraí curtha le chéile acu ó 2013 go 2023. Ar aghaidh ó 2025, táthar ag súil go mbeidh an córas PeopleXD tugtha cothrom le dáta le sonraí feabhais agus go mbeidh an fhorbairt riachtanach curtha i bhfeidhm chun gur féidir ráitis 2024 a tháirgeadh go díreach ón gcóras ar an spriocdháta reachtúil de Mheitheamh 2025, nó roimhe sin.

Aistriú Pinsinéirí BOO chuig an íocaíocht SGCO:

Tá tús curtha ag foireann Phárolla BOO SGCO leis an bpróiseas chun gach Pinsinéir BOO a aistriú chuig Párolla SGCO (níos mó ná 9,700 Pinsinéir atá á n-íoc faoi láthair ag ONSC). Cuireadh tús leis an tionscadal seo go foirmiúil

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Ráiteas faoi Rialú Innheánach

le ceadú ón nGrúpa Stiúrtha ar an 20 Meitheamh 2024 agus meastar go dtarlóidh Go-Live i mí an Mheithimh 2025. Tá idirchaidreamh mionsonraithe idir SGCO agus ONSC ar siúl anois d'fhonn aistriú rathúil na bPinsinéirí i mí an Mheithimh 2025.

Seirbhísí Comhroinnte Párolla BOO

Bunaíodh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais agus Oiliúna. Tá na 16 BOO ar fad ar Sheirbhísí Comhroinnte Párolla anois agus is é BOO Dhún na nGall an BOO deireanach le haistriú i mí Feabhra 2024.

Costais, Taisteal agus Cothú san áireamh

Tá SGCO ag obair le BOOnna chun aistriú íocaíochtaí Costais chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla atá á reáchtáil ag SGCO a thabhairt chun críche. Tá 11 BOO tar éis a bhfeidhm Taisteal & Cothaithe a aistriú chuig SGCO anois agus aistroidh na 5 BOO eile le linn 2025. Is iad BOO Lú-na Mí; BOO Chill Dara-Chill Mhantáin; BOO Chathair Bhaile Átha Cliath; BOO Chorcaí agus BOO Luimnigh-an Chláir na 5 BOO sin.

Párolla

Aistríodh an tseirbhís phárolla do gach oibrí in BOO an Chabháin agus Mhuineacháin chuig SGCO i nDeireadh Deireadh Fómhair 2019. Tá an SGCO freagrach as an bpárolla a phróiseáil, ach tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin fós freagrach as treoracha a thabhairt don tseirbhís chomhroinnte maidir leis na hathruithe ar phárollaí agus ar an bhfeidhm AD. Tá deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil sí tar éis a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon, atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOO an Chabháin agus Mhuineacháin agus an Roinn Oideachais agus Scileanna – Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Gnó Oideachais (SGCO). Is iad na cáipéisí sin a chuireann bonn faoi fheidhmiú na Seirbhísí Comhroinnte Párolla ag an SGCO thar ceann earnáil na BOOnna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmítear rialuithe iomchuí i dtaca le soláthar seirbhísí párolla ag SGCO do BOO an Chabháin agus Mhuineacháin.

Costais, Taisteal agus Cothú san áireamh

Tá obair ar bun le costais a phróiseáil, íocaíochtaí as Taisteal agus Cothú san áireamh. D'aistrigh BOO an Chabháin agus Mhuineacháin a speansais chuig SGCO i mí Eanáir 2020.

Párolla do Phrintísigh

D'aistrigh BOO an Chabháin agus Mhuineacháin an párolla do phrintísigh chuig an tseirbhís bhainistithe párolla a chuir SGCO ar bun i Márta 2020.

Íocaíochtaí foghlaimoírí

Tá íocaíochtaí le foghlaimoírí aistrithe ag BOO an Chabháin agus Mhuineacháin chuig an tseirbhís bhainistithe atá curtha ar bun ag SGCO, é sin ina dhá sciar. Sciar 1 i Lúnasa 2020 agus Sciar 2 (Ógtheagmháil agus Roghanna Gairmoideachais agus Oiliúna) Feabhra 2022.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Aistríodh BOO an Chabháin agus Mhuineacháin chuig SGCO i mí Iúil 2023. Comhaontaíodh Samhail Oibriúcháin Spriocanna le gach BOO ina leagtar amach na seirbhísí atá le seachadadh go lárnach ag SGCO agus iad siúd a choinneodh gach BOO go háitiúil. Rinne an tÚdarás Deartha Airgeadais SGCO an tSamhail Oibriúcháin Spriocanna, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó SGCO agus ó gach ceann de na 16 BOO, a fhaomhadh. Shainmhínigh an tSamhail Oibriúcháin Spriocanna gníomhaíochtaí airgeadais thar thrí réimse leathana.

- Ordú chuig Airgead Tirim
- Soláthar le hÍoc
- Taifead le Tuairisciú

Tá SGCO freagrach as feidhmeanna áirithe atá sainithe go soiléir, agus tugtar faoin gcuid eile go háitiúil in BOOnna. Ní dhéanfar athruithe ar an tSamhail Oibriúcháin Spriocanna ach amháin trí fhaomhadh ón Údarás Deartha. Tá deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil sí tar éis a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon, atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOO an Chabháin agus Mhuineacháin agus an Roinn Oideachais agus Scileanna – Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Gnó Oideachais. Is iad na cáipéisí sin a chuireann bonn faoi fheidhmiú na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ag an SGCO thar ceann earnáil na BOOnna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmítear rialuithe iomchuí i dtaca le soláthar seirbhísí airgeadais ag SGCO do BOO an Chabháin agus Mhuineacháin.

Bunaíodh SGCO chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais agus Oiliúna agus béim á cur ar fhárola agus airgeadais a sholáthar do BOOnna sa chéad ásc. Comhdhlúthaíodh na 16 BOO ar fad ar ardán céanna an chórais bainistíochta airgeadais. Tá a gcás féin den chóras bainistíochta airgeadais ag gach BOO. Tá gach BOO á aistriú ar fud na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais ar bhonn céimnithe go dtí deireadh 2026.

Tá sraith tionscadal ar siúl chun cáilíocht an tuairiscithe a fheabhsú agus próisis agus códú córais a chaighdeánú ar fud gach córas seirbhíse comhroinnte SGCO. Éascóidh sé seo seachadadh seirbhísí níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe amach anseo.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtúil go heacnamaíoch a fheidhmiú. Deimhním go ndearna an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2024 ag cruinniú ar an 4 Márta 2025, ar an modh a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Áirítear leis sin:

- Chuir an Feidhmeannas tuairisc ar an athbhreithniú a rinne sé ar rialuithe i láthair (ó bhéal agus le tuairisc i scríbhinn) ag an gcruinniú ar an 4 Márta 2025. Tá deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh iomchuí agus leordhóthanach a mhéid is praiticiúil go réasúnach. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas sin ar an bhfaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearach ar fud na heagraíochta.

Fuarthas Nochtadh Cosanta in 2021 ar a ndearna BOO an Chabháin agus Mhuineacháin imscrúdú. In 2022 aithníodh go raibh áibhéil déanta ag Scoil amháin ar líon na ndaltaí. Rinne BOO an Chabháin agus Mhuineacháin an scéal a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), don Bhord agus don Roinn Oideachais (ROS) in 2021 agus d'Aonad Iniúchta Inmheánaigh na BOOnna (AII - BOOanna) agus do chomhlachtaí reachtúla ábhartha in 2022. In 2023, chuaigh BOO an Chabháin agus Mhuineacháin i dteagmháil leis an Roinn Oideachais maidir leis na himpleachtaí airgeadais ar an ábhar seo agus comhaontaíodh agus cuireadh socrúite cúitimh i bhfeidhm maidir le deontais phá, neamhphá agus cláir agus leithdháileadh múinteoirí. Tugadh faoi phróiseas araíonachta chomh maith. Tá BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ag fanacht le toradh imscrúdú an Gharda Síochána, dá bhrí sin tá an cás seo liostaithe chomh maith san alt maidir le calaois thuas. Tar éis na heachtra seo, thug BOO an Chabháin agus Mhuineacháin rialuithe breise isteach agus chuir sé oiliúint bhreise ar fáil sa réimse seo.

- Rinneadh athbhreithniú ar na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha a eisíodh in 2024 agus go dtí seo in 2025, bhí cruinnithe le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón AII-BOOnna, agus scrúdaíodh miontuairiscí ó chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais lena chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí idir iad sin agus an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i dTuarascálacha ón Iniúchóireacht Inmheánach agus ráitis ón mBainistíocht.
- Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil (ó bhéal agus i scríbhinn) faoi bhráid an Bhoird maidir le hathbhreithniú ar rialuithe ar an 27 Márta 2025.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2024, lena n-áirítear:
 - Plé idir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbartha Eagraíochta (TFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachas agus Oiliúna (BOaO) chuig an mBord
 - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Stiúrthóir Scoileanna, Ceannasaí Airgeadais, Ceannasaí TF, Ceannasaí Soláthair, Oifigeach Sinsearach Foirne Pinsean, Oifigeach Óige agus Iniúchóirí ó ASM agus AII - BOOanna a chuirtear ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
 - Moltáí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste i litreacha bainistíochta agus i dtuarascálacha eile.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

- Moltaí arna ndéanamh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón Stiúrthóir TFE, ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus ón Stiúrthóir Scoileanna.
- An Clár Rioscaí, a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn rialta.

Rinne an Bord an ráiteas sin a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag a chruinniú ar an 27 Márta 2025.

Signed:  Date: 27/3/2025

Cathaoirleach

Leathanach 10



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Is é mo thuairim

- go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain 2024 agus ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2024, agus
- tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta arna leagan síos aga an Aire Oideachais agus na hÓige.

Bonn na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin agus tá mo fhreagrachtaí eitiiciúla eile comhlionta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas maidir le freagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam chuige sin.

Andrew Harkness
**Le haghaidh agus thar ceann an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste**
19 Nollaig 2025

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a leagtar amach sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- na ráitis airgeadais a ullmhú mar a leagtar amach faoi Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cuntas ina iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de dheasca calaoisí nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hlniúcháireacht, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaos nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hlniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá an riosca ann nach mbraifear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca a bhaineann le míshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar chomh hiomchuí is atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus ar chomh réasúnta is atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh lena mbaineann.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más fíor, i mo thuairimse, aon cheann de na ráitis seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh orthu, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hlniúcháireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an ts lí a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

**Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Ráitis Oibriúcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

	Nóta	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2024	Bliain dar chríoch 31/12/2023
FÁLTAIS		€'000	€'000
Deontais Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	3	56,489	49,189
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	4	36,035	34,173
Deontais i leith Seirbhísí don Óige	5	1,760	1,434
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	6	7,888	7,086
Caipiteal	7	20,069	18,377
		<u>122,241</u>	<u>110,259</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig	8	55,256	49,558
Breisoideachas agus Oiliúint	9	35,023	34,714
Seirbhísí don Óige	10	1,604	1,352
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	11	7,739	7,543
Caipiteal	12	21,588	17,368
		<u>121,210</u>	<u>110,535</u>
Barrachas/(Easnamh) Airgead tirim don Bhliain		1,030	(276)
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	23	(378)	41
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fhabhraithe don Bhliain		652	(235)
Barrachas Ioncaim amháil an 1 Eanáir		2,618	2,853
Barrachas Ioncaim amháil an 31 Nollaig	14	<u>3,270</u>	<u>2,618</u>

Signed :




Chairperson

Date :

27/03/2025

Signed :



Chief Executive

Date :


27/03/2025

Tá na nótaí ar leathanach 15 go leathanach 34 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo


**Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Ráitis Oibriúcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

	Nóta	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 €'000	Bliain dar chríoch 31/12/2023 €'000
Glansócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	15	1,794	2,023
Deontais Caipitiúla Stáit	16	2,017	2,628
Ioncam Athfhillteach Eile	17	461	502
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	18	106	102
Iarmhéid Bainc		<u>15,365</u>	<u>14,334</u>
		<u>19,743</u>	<u>19,590</u>
Dlíteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	19	3,318	1,989
Deontais Caipitiúla Stáit	20	6,549	8,954
Ioncam Athfhillteach Eile	21	2,769	2,504
Dlíteanais Phá agus Costas	22	<u>3,837</u>	<u>3,524</u>
		<u>16,473</u>	<u>16,971</u>
		<u>3,270</u>	<u>2,618</u>
Glansócmhainní Reatha Léirithe ag Barrachas Ioncaim	14	<u>3,270</u>	<u>2,618</u>

Anailís ar Bharrachas/(Easnamh) Ioncaim	Clár	Fabhráithe		
		Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 2019 31 /12/ 2024 €'000	Barrachas Ioncaim Do 2024	Barrachas Coinnithe 31/12/ 2023 €'000
	Scoileanna Ceannoifig	2,382	634	1,748
	Clár Breisoideachais			
	Clár			
	Ghníomhaireachta	(12)	(3)	(9)
	Clár Fhéinmhaoinithe	900	21	879
	14	<u>3,270</u>	<u>652</u>	<u>2,618</u>

Signed : 
Chairperson

Date : 27/03/2025

Signed : 
Chief Executive

Date : 27/03/2025

Tá na nótaí ar leathanach 15 go leathanach 34 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

1 Beartais chuntasaíochta

1.1 Beartais Chuntasaíochta Sonracha

Tá leagtha amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin. Táthar tar éis iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

1.2 Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin ar an 1 Iúil 2013 agus tá á fheidhmeanna leagtha amach in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

1.3 (a) Bonn an Chuir i Láthair

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Is éard atá iontu Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, Beartais Chuntasaíochta san áireamh.

(b) Aitheantas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam

Aithnítear deontais Oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgid thirim.

Aithnítear fáltais eile ar bhonn airgid thirim.

Caiteachas

Pá

Aithnítear caiteachas ar phá ar bhonn airgid thirim. Is éard is pá ann íocaíocht le fostaithe, ÁSPC fostóra san áireamh.

Neamhphá

Aithnítear caiteachas neamhphá ar bhonn airgid thirim. Is éard atá i gcaiteachas neamhphá costais riaracháin agus oibriúcháin.

Liúntais

Aithnítear caiteachas ar liúntais ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaimoirí atá ag gabháil do chlár shonraithe bhreiseoideachais agus oiliúna atá maoinithe ag SOLAS.

Cuirtear an Ráiteas Oibriúcháin i láthair bunaithe ar fháltais airgid agus íocaíochtaí airgid de réir grúpaí clár. Déantar an barrachas / (easnamh) airgid a choigeartú le haghaidh gluaiseachta i Sócmhainní Reatha (seachas Banc) agus Dliteanais Reatha le toradh iomlán a thabhairt don bhliain a thabhairt ar bhonn fabhráithe.

(c) Aitheantas Sócmhainní agus Dliteanas

Déantar an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha a ullmhú ar bhonn fabhráithe ach an deontas stáit agus iarmhéideanna ó mhaoinitheoirí eile a mheas de réir na rialacha maoinithe chun teacht ar mhéideanna a léiríonn an t-ioncam admhaithe gaolmhar a fuarthas agus an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh.

Deontais Athfhillteacha Stáit

Is iad na deontais seo an bunmhaoiniú atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Deontais Caipitil

Baintear feidhm as na deontais seo chun costais as tógáil, bonneagar, fáil réadmhaoine agus athchóiriú a íoc. I gcúinsí faoi leith, féadfar iad a úsáid chun daingneáin, feistis, trealamh agus troscán a mhaoiniú.

Ioncam Athfhillteach Eile

Gníomhaireacht agus Tionscadail Féinmhaoinithe Is éard atá i gceist le hobair ghníomhaireachta ná clár a eagrú thar ceann eagraíocht nó scoláirí eile de réir critéir chomhaontaithe. Aisíoctar an costas leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Is éard is Tionscadail Féinmhaoinithe ann ná clár a réachtáiltear faoi údarás iomlán an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, bíodh sé sin thar ceann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna féin nó eagraíochtaí eile.

Cuirtear Féichiúnaithe Trú Páirtí san áireamh faoi Shócmhainní Reatha.

Áirítear Dliteanais Phá agus Chostais i nDliteanais Reatha.

Faisnéis Chomparáideach

Nuair ba ghá, rinneadh figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a lua arís ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

(d) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Maidir leis na sócmhainní seasta inláimhsithe ar fad a cheannaítear, cuir i gcás foirgnimh, bonneagar agus réadmhaoín a fhaightear, costais athchóirithe, daingneáin, feistis, trealamh agus troscán, cuirtear san áireamh iad mar chostais sa bhliain ina gceannaítear iad. Déantar deontais stáit i gcomhair ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a aithint sa bhliain chéanna.

(e) Stoic

Déantar gach stoc intomhalta a chlárú mar chaiteachas tráth a cheannaithe.

(f) Léasanna

Déantar aon íocaíochtaí léasa a chlárú mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

(g) Sochair Scoir

Is faoi scéimeanna le sochar sainithe a thugtar teidlíochtaí pinsin d'fhoireann an BOO, iad siúd a aistríodh ó SOLAS ina measc. Tá forálacha do bhaill foirne atá fostaithe ó 2013 i leith mar chuid de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Maidir le ranníocaíochtaí pinsin a íocann fostaithe i leith na scéimeanna ón am roimh 2013, coinníonn an BOO iad siúd lena n-úsáid le deontas Pá na Scoileanna Iar-bhunscoile agus na Ceannoifige a mhaoiniú i bpáirt mar chuid den mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste. Íoctar ranníocaíochtaí a íocann daoine atá páirteach sa Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí fostóra leis na scéimeanna.

Tá na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo á bhfeidhmiú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sochair scoir thar ceann an BOO. Tá na BOOna freagracha as a bpinsin a riar, as sochair a ríomh agus as teidlíochtaí a chur in iúl don ONSC. Aisíocann an Roinn Oideachais na costais pinsin arna dtabhú leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus léirítear na costais sin i Vóta na Roinne Oideachais.

Níl aon fhoráil déanta sa Ráiteas Oibríocháin ná sa Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha do chostas reatha na sochar amach anseo atá carntha do bhaill foirne agus do phinsiníreir reatha faoi na scéimeanna seo. Déantar nochtuithe ar chostais agus oibleagáidí pinsin i nóta leis an ráiteas airgeadais ina léirítear oibleagáidí sochair scoir an BOO i leith a fhoireann reatha, foireann iarchurtha agus foireann ar scor.

Is ionann dliteanais shochair scoir agus na sochair phinsin amach anseo atá carntha go dtí seo ag baill foirne atá i seirbhís agus ag daoine a bhfuil sochair iarchurtha acu araon.

Déantar dliteanais shochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh costais achtúireach aonaid réamh-mheasta.

(h) Breithiúnais chriticiúla cuntasáíochta agus príomhfhoinsí um neamhchinnteacht meastachán

Agus beartas cuntasáíochta an BOO á chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí sochar scoir, ceanglaítear ar an mBord breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh faoi mhéideanna iompair sócmhainní agus dliteanas sochar scoir nach bhfuil soiléir go héasca ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith ábhartha. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Léirítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa nochtadh nóta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú má dhéanann an t-athbhreithniú difear don tréimhse sin amháin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus i dtréimhsí amach anseo má dhéanann an t-athbhreithniú difear do thréimhsí reatha agus amach anseo araon.

• **Oibleagáidí sochair scoir**

Déantar na toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna atá san áireamh sa nochtadh nóta ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéal chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortláíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíochta reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
- (ii) leibhéal chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí;
- (iii) Ionchais boilscithe.
- (iv) Treoir achtúireach agus caighdeáin chuntasaíochta.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

2 Soláthraíonn BOO an Chabháin agus Mhuineacháin Oideachas agus Oiliúint mar atá leagtha amach thíos:

	An líon scoileanna/ionad *	Líon na rannpháirtithe **	Líon na dtairbhíthe**
Dara Leibhéal	11	6,235	
Breisoideachas agus Oiliúint****	22		12,650
Ranganna Páirtaimseartha/Oíche ****	3		2,406

* An líon scoileanna/ionad óna soláthraíonn BOO an Chabháin agus Mhuineacháin seirbhís agus gníomhaíochtaí oideachais.

** I gcás an bhunleibhéil agus an dara leibhéal tá sé seo bunaithe ar líon na scoláirí ar an rolla sa scoilbhliain.

*** Tagraíonn tairbhíthe do líon iomlán na n-áiteanna ar glacadh leo sa bhliain. Déantar é sin a ríomh trí rolluithe amháil an 1 Eanáir agus rolluithe eile ina dhiaidh sin le linn na bliana a chur le chéile.

**** Tá tairbhíthe ranganna páirtaimseartha/ranganna oíche sna hIonaid Oiliúna san áireamh sna figiúirí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO).

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

3 Fáltais na mBunscoileanna agus na Ceannoifige	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 €'000	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 €'000
An Roinn Oideachais		
-Pá	49,301	44,442
** -Neamhphá	3,933	3,179
-Cláir Ghaolmhara	3,173	1,484
An Roinn Oideachais - fo-iomlán	56,407	49,105
Táillí Teagaisc - Mic Léinn	10	7
Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	41	60
Eile	31	17
	56,489	49,189

**Ar na fáltais Neamhphá tá beart costais maireachtála a íocadh le BOO an Chabháin agus Mhuineacháin i mí na Samhna 2024 mar thacaíocht le haghaidh méadú ar chostais reatha scoile, an beart sin mar chuid de na bearta costais maireachtála i mBuiséad 2025.

4 Fáltais ó Bhreisoideachais agus Oiliúint	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 €'000	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 €'000
SOLAS	36,035	34,155
Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	-	18
	36,035	34,173

5 Admhálacha um Sheirbhísí Óige	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 €'000	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 €'000
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	1,412	1,257
Eile	348	177
	1,760	1,434

Bord Oideachais agus Oilíúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

6 Gníomhaireachtaí agus Admhálacha Tionscadail Féinmhaoinithe

Gníomhaireachtaí	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	Bliain dar chríoch 31/12/2024 €'000	Bliain dar chríoch 31/12/ 2023 €'000
Clár um Béilí Scoileanna	Roinn Coimirce Sóisialaí	1,517	981
Clár Críochnaithe Scolaíochta	Tusla	954	927
Music Generation BOOCM	Ilchineálach	637	552
Tionscadal Fiontraíocht Éireann - SCLP	Fiontraíocht Éireann	478	140
An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí	An Roinn Oideachais/SOLAS	285	350
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	197	164
Clár Treasach IAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas	172	105
Erasmus 2023 - Institiúid an Chabháin	Léargas	165	141
Seirbhís Tacaíochta Breisoideachais	BOO Chathair Bhaile Átha Cliath	160	182
Forchúitimh Thuarastail	Ilchineálach	57	40
LEARGAS: Gluaisteacht			
Chreidiúnaithe - A.Ed & YR	Léargas	55	27
Bainistíocht Córais Bogearraí	Boird Oideachais agus Oilíúna	53	68
Gníomhaireachtaí eile - 22 cinn acu	Ilchineálach	532	479
		5,262	4,156
Tionscadail Féinmhaoinithe			
Gníomhaíochtaí Mac Léinn	Tuismitheoirí/Mic Léinn	920	970
	An Chomhairle Ealaíon/An Chomhairle		
Amharclann an Gharáiste	Contae/Pátrúin	534	519
IOA Tanagh	Tuismitheoirí/Mic Léinn	353	398
Seirbhísí Mac Léinn Institiúid an Chabháin	Tuismitheoirí/Mic Léinn	167	159
Leabhair Scoile	Tuismitheoirí/Mic Léinn	144	312
Ceaintín na Scoile	Tuismitheoirí/Daltaí/Lamháltais	139	125
Seirbhísí Mac Léinn Institiúid Mhuineacháin	Tuismitheoirí/Mic Léinn	54	50
Féinmhaoiniú TFC	Bunscoileanna	50	75
Féinmhaoinitheach eile - 12 cheann acu	Ilchineálach	264	322
		2,625	2,930
Iomlán		7,887	7,086
Fáltais Chaipitil			
		Bliain dar chríoch	Bliain dar
		31 /12/2024	chríoch
		€'000	31/12/ 2023
			€'000
An Roinn Oideachais		18,418	15,343
SOLAS		1,651	3,034
		20,069	18,377

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

8	Deontais d'Iar-Bhunscoileanna agus don Cheannoifig	An Bhliain dar Chríoch 31/12/2024			An bhliain dar chríoch an 31/12/2023
		Pá €'000	Neamhphá €'000	Iomlán €'000	Iomlán €'000
	PÁ				
	Treoir	43,956	-	43,956	39,493
	Riarachán	4,374	-	4,374	3,991
	Cothabháil	1,072	-	1,072	962
		49,402		49,402	44,446
	CLÁIR				
	GHAOLMHARA	47	3,329	3,376	3,271
	NEAMHPHÁ				
	Deontas um Leabhar Scoile				
	Sóisearach Saor in Aisce	-	724	724	-
	Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile	16	524	540	539
	Maoiniú DEIS	-	297	297	174
	Deontas TFC	-	245	245	82
	Clár Samhraidh DEIS	154	15	169	153
	Deontas				
	Tionlacaithe Bus	150	-	150	108
	Deontas Leabhar	-	116	116	172
	An Idirbhliain	-	75	75	73
	Eile - 15 cinn acu	18	144	162	541
		338	2,140	2,478	1,841
		49,787	5,469	55,256	49,558

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

9 Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna

An Bhliain dar Chríoch 31/12/2024

An Bhliain dar Chríoch 31/12/2023

	Pá €'000	Neamhphá €'000	Liúntais €'000	Iomlán €'000	Iomlán €'000
CIA	8,173	1,398	2	9,573	9,240
Ógtheagmháil	2,867	429	719	4,015	3,937
Cúrsaí Oiliúna ar conradh	62	3,083	319	3,464	4,188
Costais Párolla- BOO	3,131	6	-	3,137	3,013
Printíseachtaí Ceardaíochta	413	487	1,500	2,400	1,643
Costais Oibriúcháin	-	1,927	-	1,927	2,603
Litearthachta d'Aosaigh	969	248	12	1,229	1,197
BTEI	891	253	-	1,144	1,056
Tacaíochtaí d'Fhoghlaimoirí	901	204	-	1,105	930
Uaireanta Comhoibrithe – Comhlachtaí Seachtracha	898	25	-	923	838
Printíseacht 2016+	497	293	-	790	882
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	-	458	313	771	780
Cúrsaí Oiliúna	14	319	411	744	730
ESOL	558	149	-	707	653
SDOG	29	56	488	573	529
Oideachas Pobail	418	104	9	531	495
Clár EXPLORE ROS	-	5	-	5	6
Eile (8 ceann acu)	1,111	594	280	1,985	1,995
	20,932	10,038	4,053	35,023	34,714

10 Íocaíochtaí Seirbhísí Óige

An Bhliain dar Chríoch 31/12/2024

An Bhliain dar Chríoch 31/12/2023

	Pá €'000	Neamhphá €'000		Iomlán €'000	Iomlán €'000
Cistiúchán CÁÓC	61	158	-	219	57
Feidhmeanna Obair Óige	142	40	-	182	181
BOUNCEBACK SE	-	171	-	171	201
Clár INCLUDE	-	162	-	162	194
UBU Bhaile an Cabháin	-	137	-	137	86
BOUNCEBACK WC	-	118	-	118	140
Eolas don Aos Óg	-	101	-	101	127
